| Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscolaíocht | **Meitheal Forbartha – Cruinniú 23, 29 Lúnasa 2025.**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí** | Moladh agus comhaontaíodh ar na miontuairiscí. |
| **Nuashonruithe ó CNCM** | • Cuireadh fáilte roimh Louise Gildea, ionadaí nua CSS ar an Meitheal Forbartha. Ghabh an cathaoirleach buíochas le Sylvia Corcoran agus Craig Petrie, na comhaltaí a bhí ag éirí as, as ucht a gcuid rannpháirtíochta agus a gcuid oibre maidir leis na forbairtí suntasacha a bhí mar thoradh ar obair na meithle le blianta beaga anuas.<br>• An tSraith Shóisearach: D’fhaomh an Chomhairle Ráitis Chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 in éineacht leis an Aonad Foghlama Tosaíochta nuashonraithe de chuid Leibhéal 2 *Scileanna Saoil* i mí an Mheithimh. Táthar ag feithimh anois le faomhadh ón Aire chun iad a fhoilsiú.<br>• An tSraith Shinsearach: D’fhaomh an Chomhairle 13 réimse curaclaim agus modúl roghnacha i mí an Mheithimh. D’fhaomh an tAire iad ina dhiaidh sin agus foilsíodh ar curriculumonline.ie iad |
| **Ag Dearadh agus Ag Déanamh, Dréacht-Mhodúl Roghnach Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh forléargas ar an dréacht-mhodúl roghnach Ag Dearadh agus Ag Déanamh, Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí, agus bhí plé ann ina dhiaidh sin. Faoi réir na heagarthóireachta a comhaontaíodh, chomhaontaigh an Mheitheal Forbartha go gcuirfí an modúl roghnach sin ar aghaidh chuig an mBord don tSraith Shinsearach agus chuig an gComhairle. |
| **An tAm atá Thart i m’Áit, Modúl Roghnach Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh forléargas ar an modúl roghnach An tAm atá Thart i m’Áit, Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí, agus bhí plé ann ina dhiaidh sin. Faoi réir na heagarthóireachta a comhaontaíodh, chomhaontaigh an Mheitheal Forbartha go gcuirfí an modúl roghnach sin ar aghaidh chuig an mBord don tSraith Shinsearach agus chuig an gComhairle. |
| **An Ceol, Modúl Roghnach Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh forléargas ar dhréacht-mhodúil roghnacha An Ceol, Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí, agus bhí plé ann ina dhiaidh sin. Faoi réir na heagarthóireachta a comhaontaíodh agus an ionchuir ó na gairmithe ag a bhfuil saineolas maidir le Leibhéal 1, chomhaontaigh an Mheitheal Forbartha go gcuirfí na modúil roghnacha sin ar aghaidh chuig an mBord don tSraith Shinsearach agus chuig an gComhairle. |
| **Cócaireacht, Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh forléargas ar an modúl roghnach Cócaireacht, Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí, agus bhí plé ann ina dhiaidh sin. Faoi réir na heagarthóireachta a comhaontaíodh agus an ionchuir ó na gairmithe ag a bhfuil saineolas maidir le Leibhéal 1, chomhaontaigh an Mheitheal Forbartha go gcuirfí na modúil roghnacha sin ar aghaidh chuig an mBord don tSraith Shinsearach agus chuig an gComhairle. |

| | |
|---|---|
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le comhaltaí na Meithle Forbartha as a gcuid rannpháirtíochta agus thug achoimre ar na míreanna a bheadh ag dul ar aghaidh chuig an mBord don tSraith Shinsearach agus chuig an gComhairle.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 2 Deireadh Fómhair 2025 |